


Cóisir sa teach!

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin scannal is déanaí faoi Boris Johnson. Sula bhféachfaidh tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus ar na frásaí seo thíos?

1. to comply with _____
2. social distancing _____
3. heavy fines _____
4. cheese board _____
5. staff personnel _____
6. private secretary _____
7. to wish him a happy birthday _____
8. the number of cases _____
9. lock-down _____
10. it was alleged _____



Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an gcabhróidh sé sin leat na focail a thuiscint.

Ceist 2

Féach ar an mír den dara huair agus breac síos an méid a tharla ar na dátaí seo a leanas:

10/05/2020

15/05/2020

20/05/2020

19/06/2020

Mí na Samhna 2020

An bhliain 2020 go dtí an lá atá inniu ann

Ceist 3 ‘...ar an deichiú lá...’

Tugtar an tuiseal tabharthach ar an sampla thuas. Tá dhá chóras ann. Féach ar an tábla thíos chun an dá chóras a chur i gcomparáid le chéile.

An Córas Lárnach	Córas an tSéimhithe
ar an mbord	ar an bhord
ag an airgead	ag an airgead
ar an tsráid	ar an tsráid
ar an sneachta	ar an tsneachta
ag an teach	ag an teach
ar an doras	ar an doras

1. Cad iad na difríochtaí idir an dá chóras?
2. Tá canúint Uladh ag Ailbhe Ó Monacháin agus mar sin úsáideann sé córas an tséimhithe. Féach ar na samplaí den tuiseal tabharthach a bhí aige anois agus scríobh amach arís iad ach sa chóras lárnach:

ar an phobal _____
 ag an Phríomh-Aire _____
 ar an fhichiú _____
 chuig an ghairdín _____

Ceist 4 Na haimsirí

Líon na bearnaí sa script leis an leagan ceart de gach briathar atá idir lúbíní.

Ar an deichiú lá de Bhealtaine 2020, (iarr) _____ an Príomh-Aire Johnson ar an phobal i Sasain cloí le rialacháin faoi scaradh sóisialta agus gheall sé go (gearr) _____ fineálacha troma ar dhaoine a (sáraigh) _____ iad. Cúig lá ina dhiaidh sin, (tuairiscigh) _____ go raibh buidéal fíona agus clár cáise ag an Phríomh-Aire agus baill foirne i ngairdín Shráid Downing. Dúirt sé féin ina dhiaidh sin gur cruinniú oibre a (bí) _____ ann.

Ar an fhicheadú lá de Bhealtaine na bliana sin, (tabhair) _____ cuireadh chuig an ghairdín chéanna do chéad duine, chuig deochanna ina mbeadh scaradh sóisialta. Ócáid de chuid rúnaí príobháideach an Phríomh-Aire, Martin Reynolds. D’admhaigh an Príomh-Aire níos déanaí go raibh sé ann ach nár (mair) _____ an ócáid oibre i bhfad.

Lá breithe an Phríomh-Aire a bhí ann ar an naoú lá déag de Mheitheamh 2020 agus (cruinnigh) _____ suas le cúig dhuine is tríocha i seomra an rialtais ag uimhir a deich. Dúirt an fhoireann nach raibh i gceist ach lá breithe sona a ghuí air.

I mí na Samhna agus líon na gcásanna ag (méadaigh) _____, d’iarr sé ar dhaoine fanacht sa bhaile agus dianghlasáil eile ag toiseacht. An tseachtain ina

dhiadhd sin, (séan) _____ bean an Phríomh-Aire, Carrie Johnson, gur tharla ócáid shóisialta ina n-árasán féin.

Tuairiscíodh gur tharla ar a laghad sé ócáid shóisialta eile i Sráid Downing nó in oifigí rialtais nuair a bhí an dara dianghlasáil i bhfeidhm.

Idir achan rud, (líomhain) _____ gur sháraigh Johnson agus a fhoireann na rialacha, a cheap siad féin, ar a laghad ceithre huairé déag ó 2020.

Éist leis an tuairisc arís le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 5 '...Ar an deichiú lá de Bhealtaine...'

Is gnách an focal 'mí' a úsáid agus na dátaí á rá nó á scríobh againn. Mar shampla:

*Ar an deichiú lá de **mhí** na Bealtaine*

1. Scríobh amach míonna na bliana.
2. Cuir an focal 'mí' roimh gach mí agus déan cibé athrú is gá.
3. Cuir an cheist ar gach duine sa rang: Cad é do lá breithe?

Ceist 6 Pléigh na ceistanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Ar cheart do Boris Johnson éirí as de bharr an scannail seo? Cén fáth?
2. An féidir locht a chur ar Rialtas na hÉireann as an rud céanna a dhéanamh?
3. Cad é an rud is mó a chuir isteach ortsa faoin dianghlasáil?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1. to comply with	<i>cloí le</i>
2. social distancing	<i>scaradh sóisialta</i>
3. heavy fines	<i>fíneálacha troma</i>
4. cheeseboard	<i>clár caise</i>
5. staff personnel	<i>baill foirne</i>
6. private secretary	<i>rúnaí príobháideach</i>
7. to wish him a happy birthday	<i>lá breithe sona a ghuí air</i>
8. the number of cases	<i>líon na gcásanna</i>
9. lock-down	<i>dianghlasáil</i>
10. it was alleged	<i>líomhnaíodh</i>

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

- ✓ Cuirtear séimhiú in áit urú ar fhocail dar tús consan i gcóras an tséimhithe.
- ✓ Cuirtear t roimh fhocail fhirinscneacha dar tús **s** i gcóras an tséimhithe

ar an phobal	<i>ar an bpobal</i>
ag an Phríomh-Aire	<i>ag an bPríomh-Aire</i>
ar an fhichiú	<i>ar an bhfichiú</i>
chuig an ghairdín	<i>chuig an ngairdín</i>

Ceist 4

Ar an deichiú lá de Bhealtaine 2020, **d'iarr** an Príomh-Aire Johnson ar an phobal i Sasain cloí le rialacháin faoi scaradh sóisialta agus gheall sé go **ngearrfaí** fíneálacha troma ar dhaoine a **sháródh** iad. Cúig lá ina dhiaidh sin, **tuairiscíodh** go raibh buidéal fíona agus clár cáise ag an Phríomh-Aire agus baill foirne i ngairdín Shráid Downing. Dúirt sé féin ina dhiaidh sin gur cruinniú oibre a **bhí** ann. Ar an fhicheadú lá de Bhealtaine na bliana sin, **tugadh** cuireadh chuig an ghairdín céanna do chéad duine, chuig deochanna ina mbeadh scaradh sóisialta. Ócáid de chuid rúnaí príobháideach an Phríomh-Aire, Martin Reynolds. D'admhaigh an Príomh-Aire níos déanaí go raibh sé ann ach nár **mhair** an ócáid oibre i bhfad. Lá breithe an Phríomh-Aire a bhí ann ar an naoú lá déag de Mheitheamh 2020 agus **chruinnigh** suas le cúig dhuine is tríocha i seomra an rialtais ag uimhir a deich. Dúirt an fhoireann nach raibh i gceist ach lá breithe sona a ghuí air.

I mí na Samhna agus líon na gcásanna ag **méadú**, d'iarr sé ar dhaoine fanacht sa bhaile agus dianghlasáil eile ag toiseacht. An tseachtain ina dhiaidh sin, **shéan** bean an Phríomh-Aire, Carrie Johnson, gur tharla ócáid shóisialta ina n-árasán féin. Tuairiscíodh gur tharla ar a laghad sé ócáid shóisialta eile i Sráid Downing nó in oifigí rialtais nuair a bhí an dara dianghlasáil i bhfeidhm. Idir achan rud, **líomhnaíodh** gur sháraigh Johnson agus a fhoireann na rialacha, a cheap siad féin, ar a laghad ceithre huaire déag ó 2020.

Ceist 5

Eanáir	Mí Eanáir
Feabhra	Mí Feabhra
Márta	Mí an Mhárta
Aibreán	Mí Aibreáin
Bealtaine	Mí na Bealtaine
Meitheamh	Mí an Mheithimh
Iúil	Mí Iúil
Lúnasa	Mí Lúnasa
Meán Fómhair	Mí Mheán Fómhair
Deireadh Fómhair	Mí Dheireadh Fómhair
Samhain	Mí na Samhna
Nollaig	Mí na Nollag

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Ailbhe Ó Monacháin

Ar an deichiú lá de Bhealtaine 2020, d'iarr an Príomh-Aire Johnson ar an phobal i Sasain¹ cloí le rialacháin faoi scaradh sóisialta agus gheall sé go ngearrfaí fíneálacha troma ar dhaoine a sháródh iad. Cúig lá ina dhiaidh sin, tuairiscíodh go raibh buidéal fíona agus clár cáise ag an Phríomh-Aire agus baill foirne i ngairdín Shráid Downing. Dúirt sé féin ina dhiaidh sin gur cruinniú oibre a bhí ann.

Ar an fhicheadú² lá de Bhealtaine na bliana sin, tugadh cuireadh chuig an ghairdín chéanna do chéad duine, chuig deochanna ina mbeadh scaradh sóisialta. Ócáid de chuid rúnaí príobháideach an Phríomh-Aire, Martin Reynolds. D'admhaigh an Príomh-Aire níos déanaí go raibh sé ann ach nár mhair an ócáid oibre i bhfad.

Lá breithe an Phríomh-Aire a bhí ann ar an naoú lá déag de Mheitheamh 2020 agus chruinnigh suas le cúig dhuine is tríocha i seomra an Rialtais ag uimhir a deich. Dúirt an fhoireann nach raibh i gceist ach lá breithe sona a ghuí air.

I mí na Samhna agus líon na gcásanna ag méadú, d'iarr sé ar dhaoine fanacht sa bhaile agus dianghlasáil eile ag toiseacht³. An tseachtain ina dhiaidh sin, shéan bean an Phríomh-Aire, Carrie Johnson, gur tharla ócáid shóisialta ina n-árasán féin.

Tuairiscíodh gur tharla ar a laghad sé ócáid shóisialta eile i Sráid Downing nó in oifigí rialtais nuair a bhí an dara dianghlasáil i bhfeidhm.

Idir achán⁴ rud, líomhnaíodh gur sháraigh Johnson agus a fhoireann na rialacha, a cheap siad féin, ar a laghad ceithre huaire déag ó 2020.

Ailbhe Ó Monacháin, Nuacht TG4.

¹ leagan canúnach de 'Sasana'

² leagan canúnach de 'fichiú'

³ leagan canúnach de 'tosú'

⁴ leagan canúnach de 'gach aon'